

Ról an Oifigh Covid-19

Caithfidh chuile champa Oifigeach Covid-19 a cheapadh. Is gá ainm & sonraí teagmhála an Oifigh a chur ar fhoirm iarratais na Scéime.

Moltar don Oifigeach Covid-19 cúrsa oiliúna ar-líne a dhéanamh.

Is faoi fhoireann an champa ar fad atá sé a dhéanamh cinnte go mbeidh an campa rite ar an bhealach is sábháilte agus go mbeifear ag cloí go daingin le treoirlínte sláinte poiblí a t-am ar fad, ach tá dualgais ar leith ar an Oifigeach Covid-19.

Is é an príomh dhualgas atá ar an Oifigeach Covid-19 ná cinntiú go mbeidh an campa rite ar an bhealach is sábháilte, agus cinntiú go mbeidh gach uile ní ag cloí go daingin le treoirlínte sláinte poiblí.

Dualgais maidir le Bainistiú Foirne

- A bheith ar an eolas faoi aon athrú a d'fhéadfadh a theacht ar na treoirlínte sláinte poiblí;
- Cinntiú go bhfuil foireann an champa ar an eolas faoi na treoirlínte sláinte poiblí is deireanaí atá i bhfeidhm;
- Cinntiú go bhfuil gach cinnire ar an eolas faoi comharthaí Covid-19;
- Cinntiú go bhfuil gach cinnire ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le lámha a nigh & dea-shláinteachas riospráide;
- Foirm dhearbhairthe foirne comharthaí Covid-19 a thabhairt do na cinnirí ar fad & a dhéanamh cinnte go gcomhlíonfar iad & go dtabharfar ar ais iad sula dtosóidh an campa;
- Cinntiú go mbeidh rolla an champa líonta isteach mar is ceart le ainm & uimhir teagmhála do gach paiste. Ainm & sonraí teagmhála aon duine eile a bhí ar láthair an champa a choinneáil freisin. Seo ar fhaitíos go mbeidh rianú teagmhála le déanamh tar éis an champa.

Dualgais maidir le Cumarsáid le Tuismitheoirí / Caomhnóirí & Grúpaí Eile

- Cinntiú go mbeidh mír bhreise ar an bhfoirm chlárúcháin le deimhniú nach raibh aon chomharthaí de Covid-19 ar pháiste, & na foirmeacha seo a fháil ar ais ó thuismitheoirí / caomhnóirí sula dtosóidh an champa;
- Córas sábháilte a chur i bhfeidhm i dtaca le tuismitheoirí / caomhnóirí ag fágáil páistí ag láthair an champa & iad a bhailiú arís;
- Cinntiú go bhfuil póstaer / comharthaí Covid-19 le feiceáil go soiléir ag láthair an champa;
- Cinntiú go mbeidh cumarsáid & socruithe soiléir le grúpaí eile a bhíonn ag úsáid láthair an champa ag amanna eile i rith seachtain an champa.

Dualgais maidir le Glanadh, Díghalrú & PPE

- Cinntiú go bhfuil sceideal glantacháin rialta leagtha amach agus á chur i bhfeidhm;
- Cinntiú go bhfuil dóthain ábhar glantacháin, ábhar díghlaraithe lámh & ábhar cosanta (PPE) ar fáil don champa i rith an ama;
- Cinntiú go mbeidh díghalrú rialta á dhéanamh ar aon trealamh a mbeidh in úsáid i rith an champa.

Dualgais maidir le Tinneas / Gortú / Timpiste

- Córas soiléir a leagan amach chun déileáil le cás tinnis / gortaithe / timpiste, atá ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí & cinntiú go mbeidh gach cinnire & tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas faoin gcóras
- Córas a leagan amach le haghaidh Garchabhair a láimhseáil go sábháilte i rith an champa;
- Cinntiú go bhfuil málaí Garchabhair ar fáil leis na nithe ar fad a theastaíonn chun Garchabhair a thabhairt go sábháilte.

Dualgais maidir le hImeachtaí Laethúil an Champa

- Cinntiú go mbeidh scaradh sóisialta i bhfeidhm i rith an ama ar an gcampa, le haird ar leith ar amanna a mbeidh go leor daoine le chéile san áit chéanna (m.sh. am lóin);
- Cinntiú go mbeidh na cinnirí céanna le gach grúpa an t-am ar fad;
- Cinntiú go mbeidh nithe pearsanta na bpáistí á leagan in áit ar leith, & nach mbeidh siad ar fad caite sa mullach ar a chéile;
- Bealaí chun cur ina luí ar pháistí na lámha a nigh / a dhíghalrú go minic & dea-shláinteachas riospráide a leagan amach & a chur i bhfeidhm;
- Cinntiú go mbeifear ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí i rith an ama agus le gach uile imeacht atá mar chuid den champa.

Tá sé rí-thábhachtach go mbeidh a fhios ag cinnirí eile, tuismitheoirí & daoine ábhartha eile cé hé/hí an Oifigeach Covid-19 & sonraí teagmhála an Oifigigh acu

Bí cinnte nach mbeidh an Oifigeach Covid-19 i gcontúirt ó Covid-19 agus é / í i mbun a c(h)uid dualgais